

## **Aonad ERTMS:**

Cuireann Aonad ERTMS ar chumas na Gníomhaireachta a ról mar Údarás Córais don Chóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) a chomhlíonadh.

Cuimsíonn ERTMS an Córas Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS), agus an Córas um Raidió Móibíleach Iarnróid (RMR, i.e. an córas gutha agus teileachumarsáide do na hiarnróid). Is iad na [Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-inoibritheacht](#)

(TSI) le haghaidh an fhochórais um Rialú agus Ceannas agus um Chomharthaíocht (CCS) an creat dlíthiúil lena sainítear na ceanglais maidir le cur chun feidhme ERTMS; déanann siad tagairt do na doiciméid mhionsonraithe sonraíochta atá ar fáil ar [leathanaigh thiomnaithe](#) shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta.

Braitheann ERTMS ar chórais cumarsáide sonraí agus phróiseála sonraí, a bhfuil ceanglais mhionsonraithe leagtha síos ina leith. Mar gheall ar shaolré na gcóras sin, agus éabhlóid theicneolaíoch á cur san áireamh, feidhmiúlacht nua a thabhairt isteach agus feabhsuithe a rinneadh de bharr eispéiris, déantar saolré na gcóras sin i bhfad níos tapúla ná formhór na bhfórchórais eile san iarnród. Tá próiseas tiomnaithe [Bainistíochta um Rialú Athruithe](#) i bhfeidhm do shonraíochtaí ERTMS, chun a áirithiú gur féidir le saineolaithe na hEanála agus na Gníomhaireachta na hiarrataí ar athrú na gceanglas teicniúil mionsonraithe a phróiseáil go héifeachtúil agus go tráthúil.

Is príomhghné den chóras iarnróid digiteach idir-inoibritheach é RMR, an córas um raidió móibíleach iarnróid. Is ionann forbairt teicneolaíochtaí 5G agus deis chun deireadh a chur de réir a chéile leis an gcóras GSM-R atá ann cheana. Ceann de phríomhghníomhaíochtaí an aonaid is ea na ceanglais don chóras cumarsáide raidió a bheidh ann amach anseo do na hiarnróid (FRMCS) a shainiú.

Tá na croí-inniúlachtaí in ETCS agus RMR ar fáil don Ghníomhaireacht le haghaidh na ngníomhaíochtaí éagsúla, go háirithe chun tionscadail Údaraithe Feithicle agus Formheas ERTMS taobh riain a sholáthar, chomh maith le comhordú i réimse an taighde agus na cibearshlándála.